



Uimhir 18 de 2006

ACHT NA gCOMHPHOBAL EORPACH (LEASÚ) 2006

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Leasú ar alt 1 d'Acht na gComhphobal Eorpach 1972.
2. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

[Uimh. 18.] *Acht na gComhphobal Eorpach* [2006.]
(Leasú) 2006.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 2003	2003, Uimh. 38
Acht na gComhphobal Eorpach 1972	1972, Uimh. 27
Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 go 2003	



Uimhir 18 de 2006

ACHT NA gCOMHPHOBAL EORPACH (LEASÚ) 2006

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ ACHT NA gCOMHPHOBAL EORPACH 1972, CHUN A FHORÁIL GUR CUID DE DHLÍ BAILE AN STÁIT FORÁLACHA ÁIRITHE DEN CHONRADH I dTAOBH AONTACHAS PHOBLACHT NA BULGÁIRE AGUS NA RÓMÁINE LEIS AN AONTAS EORPACH.

[28 Meitheamh, 2006]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) Leasaítear an míniú ar “na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha” in alt 1(1) d’Acht na gComhphobal Eorpach 1972 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (u) (a cuireadh isteach le hAcht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 2003):

Leasú ar alt 1
d’Acht na
gComhphobal
Eorpach 1972.

“agus

- (v) an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach a síníodh i Lucsamburg an 25ú lá d’Aibreán 2005, a mhéid a bhaineann an Conradh sin leis na Comhphobail Eorpacha.”.

(2) Tá téacs an mhínithe ar “na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha” san alt sin 1, arna leasú le *fo-alt (I)* den alt seo agus le hachtacháin eile, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

ciallaíonn “na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha”—

- (a) “Conradh CEGC”, is é sin le rá, an Conradh ag bunú na Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, a síníodh i bPáras an 18ú lá d’Aibreán, 1951,
- (b) “Conradh CEE”, is é sin le rá, an Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, a síníodh sa Róimh an 25ú lá de Mhárta, 1957,

- (c) “Conradh Euratom”, is é sin le rá, an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh sa Róimh an 25ú lá de Mhárta, 1957,
- (d) an Coinbhinsiún ar Institiúidí áirithe is coiteann do na Comhphobail Eorpacha, a síníodh sa Róimh an 25ú lá de Mhárta, 1957,
- (e) an Conradh ag bunú Comhairle aonair agus Coimisiún aonair de na Comhphobail Eorpacha, a síníodh sa Bhruiséil an 8ú lá d’Aibreán, 1965,
- (f) an Conradh a leasaíonn Forálacha Buiséadachta áirithe de na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus den Chonradh ag bunú Comhairle aonair agus Coimisiún aonair de na Comhphobail Eorpacha, a síníodh i Lucsamburg an 22ú lá d’Aibreán, 1970,
- (g) an Conradh i dtaobh aontachas na hÉireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh sa Bhruiséil an 22ú lá d’Eanáir, 1972,
- (h) cinneadh an 22ú lá d’Eanáir, 1972, ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach i dtaobh aontachas na hÉireann leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach,

arna bhforlónadh nó arna leasú ag conarthaí nó gníomhartha eile ar dátaí nach déanaí ná an 1ú lá d’Eanáir, 1973, a ndátaí tosach feidhme, agus

- (i) an Conradh a leasaíonn forálacha airgeadais áirithe de na conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus den Chonradh ag bunú Comhairle aonair agus Coimisiún aonair de na Comhphobail Eorpacha, a síníodh sa Bhruiséil an 22ú lá d’Iúil, 1975, agus
- (j) an Conradh i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh san Aithin an 28ú lá de Bhealtaine, 1979, agus
- (k) cinneadh an 24ú lá de Bhealtaine, 1979, ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, agus
- (l) an Conradh lena leasaítear, maidir leis an nGraonlainn, na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach, a síníodh sa Bhruiséil an 13ú lá de Mhárta, 1984, agus
- (m) an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh i Liospóin agus i Maidrid an 12ú lá de Mheitheamh, 1985, agus
- (n) cinneadh an 11ú lá de Mheitheamh, 1985, ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, agus

- (o) na forálacha seo a leanas den Ionstraim Eorpach Aonair (arna déanamh i Lucsamburg an 17ú lá d’Fheabhra, 1986, agus sa Háig an 28ú lá d’Fheabhra, 1986), eadhon, Airteagal 3.1; Teideal II; Airteagail 31 agus 32; agus, a mhéid a bhaineann siad leis an Airteagal sin 3.1, leis an Teideal sin II agus leis na hAirteagail sin 31 agus 32, Airteagail 33 agus 34, agus
- (p) na forálacha seo a leanas den Chonradh ar an Aontas Eorpach, eadhon, Teidil II, III agus IV; i dTeideal VII, Airteagail L, M agus P, agus forálacha eile an Teidil sin a mhéid a bhaineann siad le haon cheann de na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha mar a mhínítear leis an bhfo-alt seo; mar aon leis na Prótacail (cibé acu a deirtear iad a bheith i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, nó leis an gConradh sin ar an Aontas Eorpach agus leis na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach), arna dhéanamh i Maastricht an 7ú lá d’Fheabhra, 1992 agus
- (q) an Ionstraim a leasaíonn an Prótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, lena gcumhachtaítear don Bhord Gobharnóirí Ciste Eorpach Infheistíochta a bhunú, a síníodh sa Bhruiséil an 25ú lá de Mhárta, 1993, mar aon leis an gConradh a leasaíonn forálacha áirithe den Phrótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, a síníodh sa Bhruiséil an 10ú lá d’Iúil, 1975, agus
- (r) an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na hIorua, Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an Aontas Eorpach a síníodh i gCorfú an 24ú lá de Mheitheamh, 1994, a mhéid a bhaineann an Conradh sin leis na Comhphobail Eorpacha, agus
- (s) na forálacha seo a leanas de Chonradh Amstardam ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus Ionstraimí gaolmhara áirithe, eadhon, Airteagail 1.13 agus 2 go 12 mar aon leis na Prótacail i gceangal leo cibé acu a deirtear iad a bheith i gceangal—
 - (i) leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,
 - (ii) leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, nó
 - (iii) leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis na Conarthaí ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,a síníodh in Amstardam an 2ú lá de Dheireadh Fómhair, 1997, agus
- (t) na forálacha seo a leanas de Chonradh Nice ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach, na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus Ionstraimí gaolmhara áirithe, eadhon, Airteagail 1.15 agus 2 go 10 mar aon leis

na Prótacail i gceangal leo cibé acu a deirtear iad a bheith i gceangal—

- (i) leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú na gComhphobal Eorpach,
- (ii) leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus leis an gConradh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, nó
- (iii) leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

a síníodh in Nice an 26ú lá d’Fheabhra 2001, agus

- (u) an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cípire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mháita, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach, arna dhéanamh san Aithin an 16ú lá d’Aibreán 2003, a mhéid a bhaineann an Conradh sin leis na Comhphobail Eorpacha, agus
- (v) an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas Eorpach arna shíniú i Lucsamburg an 25ú lá d’Aibreán 2005, a mhéid a bhaineann an Conradh sin leis na Comhphobail Eorpacha.

Gearrtheideal,
comhlua, forléiriú
agus tosach
feidhme.

2.—(1) Féadfar Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 2006 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 2006 a ghairm d’Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 go 2003 agus den Acht seo le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfar le hordú arna dhéanamh ag an Aire Gnóthaí Eachtracha.